

## Ceacht Líníochta le Naíonáin 'Mise ag Imirt le mo Chairde' Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>	Líníocht (Curaclam Amharcealaíona lch. 18)
<b><u>Cuspóir:</u></b>	<i>Déan líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a bhfuil cuimhne láidir orthu, ar eispeiris fhíora agus shamhlaithe agus ar scéalta (lch. 18)</i>
<b><u>Nasc:</u></b>	Péint agus Dath > Úsáid dath chun mothúcháin, eispeiris agus nithe samhlaíthe a chur in iúl go soiléir (lch. 19)
<b><u>Féidearthachtaí Imeachta:</u></b>	<p><i>SPHE: Cairde ar scoil agus an chaoi gur féidir leo cabhrú le chéile agus aire a thabhair dá chéile a aithint agus a thuiscint (lch. 20)</i></p> <p><i>Corpoideachas: Cluichí simplí cúlra a imirt (lch. 21)</i></p> <p><i>Béarla: Teanga a úsáid chun suíomhanna samhlaíthe a chruthú agus a bhuanú san imirt (lch. 21)</i></p> <p><i>Ceol: Amhráin agus rannta coitianta as foinsí eile a aithint agus a chanadh (lch. 22)</i></p>

### **An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:**

***Ábhair Riachtanacha:*** Páipéar Líníochta  
Pinn Luaidhe (2B, 4B)  
Pinn luaidhe daite, criáin

***Spreagadh:*** “Cad iad na cluichí a thaitníonn leis a imirt? Cá mbíonn tú á n-imirt? An mbíonn do chairde ag imirt leat? An mbíonn foirne agaibh? Cad a bhíonn ag teastáil uait chun an cluiche a imirt? An gcaitheann tú éadaí speisialta? An féidir leat imirt i ngach cineál aimsire?”

***Gníomhaíocht:*** Tar éis na cluichí a thaitníonn leo a imirt a phlé, roghnaíonn na leanaí cluiche mar ábhar dá líníocht. Spreag iad chun cainte faoina gcuid pictiúr agus iad ag líníocht, cé atá sa phictiúr, cén chluiche atá á imirt acu, cad atá ag tarlú sa líníocht. Lig do na leanaí a n-uirlisí datha féin a roghnú; d’fhéadfadh meascán de phinn luaidhe agus criáin a bheith ann. Nuair a bhíonn an líníocht críochnaithe, féadfaidh siad a n-ainm a shíniú mar a dhéanann ealaíontóir!

### ***Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:***

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair atá siad réidh tabhair am dóibh chun a líníochtaí a phlé. D’fhéadfaí é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir an Ealaíontóra’, mar a dtaispeánann gach leanbh a líníocht ar a seal agus a thugann siad tuairisc fúthu.

Spreag na leanaí chun freagairt do phéintéireachtaí ar nós ‘Scoil na mBábóg’ agus ‘Na Tógálaithe Tí’ le Walter Osborne, ‘Leanaí ag Súgradh’ le Pieter Brueghel an Seanóir, agus ‘Leanaí ag Imirt ar an Trá’ le Mary Cassat.

**Féidearthachtaí TCF:** Úsáid an clár péinteála ar an ríomhaire, is féidir leis na leanaí a gcuid pictiúr a líníú, a phriontáil agus a cheangal le chéile chun ‘Leabhar ár gCluichí’ a dhéanamh.

### **Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:** Tugann na cláir Líníocht ar an DVD deiseanna chun éisteacht le leanaí ag freagairt dá saothair féin i ‘gCathaoir an Ealaíontóra’.

**Nótaí Eile:**

Má deir leanbh “A mhúinteoir, níl mé in ann é seo a tharraingt, an ndéanfaidh tú dom é?”, ná géill don iarratas. Ná freagair ach oiread le “Ó, níl mise in ann líníocht ach oiread!” (An ndéarfá “Níl mé in ann mo chuid suimeanna a dhéanamh” le leanbh?)

Iarr ar an leanbh caint faoin bpictiúr ba mhaith leo a tharraingt, agus spreag iad chun líníochta agus iad ag caint, á moladh i rith an ama. Beidh siad i bhfad níos sásta lena n-iarrachtaí féin chomh luath is a thosaíonn siad.

**Ealaíontóirí Ábhartha:**

Mary Cassat  
Pieter Brueghel an Seanóir  
Walter Osborne  
(Ealaíontóirí eile a bheadh ábhartha dar leat féin)

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Péintéireacht Brueghel *Leanaí ag Súgradh*  
[http://en.wikipedia.org/wiki/Image:Pieter\\_brueghel\\_the\\_elder-children\\_playing-detail.jpeg](http://en.wikipedia.org/wiki/Image:Pieter_brueghel_the_elder-children_playing-detail.jpeg)

*Teach na mBábóg* le Walter Osborne  
<http://freepages.genealogy.rootsweb.com/~tlosborne/Osborne/Osbornehistory/Walterosborne/walterosborne.htm>

*Leanaí ag Súgra ar an Trá* le Mary Cassat  
<http://www.nga.gov/cgi-bin/pimage?51880+0+0>